



Imlitir 0039/2018

**Chuig: Boird Bainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc i
mBunscoileanna agus Scoileanna Speisialta agus chuig
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.**

**Eolas nua ar Churaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language
Curriculum, ar Churaclam Matamaitice na Bunscoile agus Fógra maidir le
Dúnadh Scoile Breise 2018/19**

1. Curaclam Teanga na Bunscoile – socruithe reatha

Beidh scoileanna ar an eolas go bhfuil tacaíocht d'fhorbairt ghairmiúil i dtaobh tabhairt isteach agus cur i bhfeidhm Churaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum (CTB) á éascú ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) i láthair na huaire. Tá seo ag teacht le hImlitir 61/2015 a eisíodh do scoileanna i mí na Samhna 2015, agus le litir bhreise a eisíodh do scoileanna freisin, i mí Feabhra 2016, chun tuilleadh shoiléirithe a thabhairt. Tá siad ar fáil ag:

http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0061_2015.pdf
agus **<https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláist%C3%AD/Eolas/Curaclaim-agus-Siollabas/Curaclam-na-Bunscoile/Soileiriu-ar-Chur-Chun-Feidhme-Churaclam-Teanga-na-Bunscoile-Primary-Language-Curriculum.pdf>**

Ag an bpointe seo táimid sa tríú bliain (2017/2018) den tacaíocht i leith Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) don gcuraclam nua. Tar éis dúinn foghlaim Teanga ó Bhéal a fhorbairt anuraidh dírehtar ar shnáithe na Léitheoireachta agus na Scribhneoireachta i mbliana – naíonáin go rang a dó. I gcaitheamh na scoilbhliana seo (2017/18) tá dúnadh scoile lae iomláin amháin á éascú ag SFGM i gcomhar leis CNOS d'fhoireann iomlán chun tabhairt faoi FGL mar aon le sraith múnláí FGL lena n-áirítear ceardlanna agus tacaíocht in-scoile a chuimseoidh múnlú sa rang, cúrsaí samhraidh chomh maith le hacmhainní agus foilseacháin ar shuíomh gréasáin. Beidh an tsraith tacaíochtaí FGL ar fáil i gcónaí do scoileanna in 2018/19.

Tá obair na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar CTB do rang a trí go rang a sé ag leanúint ar aghaidh. Reáchtáladh comhairliúchán faoin dréacht-churaclam ón 19 Feabhra go dtí an 4 Bealtaine 2018. Sa churaclam do rang a trí go rang a sé léirítear an réasúnaíocht, na haidhmeanna agus an forbheathnú céanna a míníodh sa CTB a foilsíodh in

Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96

Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96

T +353 1 889 6400 | name@department.gov.ie

www.education.ie



2015. Beidh na Snáithe, na Gnéithe agus ceithre chomhpháirt – Torthaí Foghlama, Contanaim Dhul Chun Cinn, Ábhar Tacaíochta agus Samplaí – mar a bhí siad d’fhonn tacú le leanúnachas agus comhghreamaitheacht i bhfoghlaim na leanaí trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. Lena chois sin freagraíonn an obair a dhéantar ar an gcuid shinsearach den gcuraclam d’aiseolas a fuarthas mar thoradh ar an gcuraclam do naíonáin shóisearacha go rang a dó a thabhairt isteach. Tugann sé tuilleadh soiléirithe ar an gcuspóir atá leis na Torthaí Foghlama agus na Contanaim. Tá an curaclam ceaptha chun tacú le gach leanbh i scoileanna Béarla, Scoileanna Gaeltachta, Scoileanna Lán-Ghaeilge agus i scoileanna speisialta. Beidh na torthaí ón gcomhairliúchán mar bhonn eolais ag an gcuraclam agus críochnófar faoi dheireadh 2018 é.

2. Dúnadh scoile lae iomláin breise 2018/19

Tuigeann an Roinn go bhfuil gá ag scoileanna le tabhairt faoin obair seo ag leibhéal scoile uile chun na hathruithe a bhaint amach sa saol praiticiúil atá uathu agus a mbeidh ag déanamh fíordhifríochna d’fhoghlaim na ndaltaí. Tá gá le ham agus tacaíocht araon chun an stíl nua curaclaim seo a neadú sa chóras. Dá réir sin is féidir le scoileanna leas a bhaint as dúnadh scoile lae iomláin breise, anuas ar na socrúithe tacaíochta a luaitear thuas, mar bheart eisceachtúil sa scoilbhliain 2018/19. Leis seo tabharfar deis sa mbreis don bhfoireann iomlán eolas a chur ar an gcuraclam go comhoibritheach, chun tacú lena chur i bhfeidhm.

Ba chóir do scoileanna a thabhairt dá n-aire áfach, gurb iad na scoileanna féin a bheidh i gceannas ar an dúnadh scoile lae iomláin seo. Ní hiad SFGM, nó, i gcás scoileanna speisialta, CNOS, a éascóidh an dúnadh agus dá bhrí sin ní bheidh ar chumas scoileanna éascú an lae seo a iarraidh trí chóras iarratais tacaíochta scoile na SFGM ná na CNOS.

Is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí eile ó na seirbhísí sa ghnáth-shlí áfach, agus beidh teacht acu ar réimse tacaíochtaí FGL do CTB mar aon le hábhar agus acmhainní tacaíochta ábhartha ag

www.pdst.ie/literacy/primarylanguagecurriculum

agus **www.sess.ie/resources/curricular/primary-language-curriculum**

Leis na hacmhainní seo beidh deis sa mbreis ag an scoil ar fad eolas a chur ar an gcuraclam go comhoibritheach, d’fhonn tacú lena chur i bhfeidhm. Tá acmhainní tacaíochta lena n-áirítear samplaí d’fhoghlaim teanga na leanaí i nGaeilge agus i mBéarla ar fáil ag

<https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Language-New-Junior-infants-2nd-class>



Tacóidh na hábhair seo leis na comhráití gairmiúla a bheidh ag múinteoirí ag an leibhéal scoile-uile de réir mar a chuireann siad níos mó eolais ar Thorthaí Foghlama CTB. Lena chois sin tacóidh siad le bainistíocht na scoile i dtaobh cur i bhfeidhm CTB a phleanáil.

3. Sceideal athbhreithnithe do chur i bhfeidhm Churaclam Matamaitice na Bunscoile

Ar dtús bhí sé i gceist Curaclam Matamaitice na Bunscoile (CMB) a chur i bhfeidhm i ndá chéim. Sa chéad chéim bhíodhas chun é a chur i bhfeidhm do naíonáin shóisearacha go rang a dó agus sa dara chéim do rang a trí go rang a sé. Shocraigh an Roinn ó shin go dtabharfar an curaclam isteach i scoileanna in aon chéim amháin ó naíonáin shóisearacha go rang a sé.

Bíodh is go n-imreoidh an cur chuige athbhreithnithe seo i leith cur i bhfeidhm CMB tionchar ar uainiú i gcéimeanna luatha an chuir i bhfeidhm is é Meán Fómhair 2021 an dáta beartaithe don gcur i bhfeidhm iomlán CMB i gcónaí.

Cuirfear clár forbartha gairmiúla cuimsitheach ar bun chun tacú le scoileanna CMB a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm. Cuirfear na mionsonraí ar fáil do scoileanna thar an scoilbhliain 2018/19. Cuirfear bileog eolais do thuismitheoirí ar fáil freisin.

Eamonn Moran
Príomhoifigeach
Aonad um Beartas Curaclaim & Measúnachta
Meitheamh 2018